

Teamhair Chonnacht cúirt ríogh Bréifne  
[RIA 739 (24/P/9), 291]  
Fergal mhac Pilip Uí Dhuibhgennáin cecinit  
[Snéadhbhairdne, Dán Díreach; Crosántacht]

- 1 Teamhair Chonnacht cuirt rígh Breiffne  
na mbenn solus  
aithne don chleir an mé[i]ld mairios  
té[i]ld da thumhus.
- 2 Temhair Bregh ar bheith san chúirt-si  
ciodh nár fhúathaig[h]  
dá gairm a mBreaghaibh na biter  
Temhair Thúathil.
- 3 Cathair chaithmhe na gcóig gcóigeadh  
cúirt an deaghfhir  
dún Í Rúairc an lámh nach lamhair  
fa ágh einigh.
- 4 Gealltar cennus do chloinn Fergna  
tar fhuil Fhéilim  
do gealladh ar n-úair ó Áoibhill  
a n-úain d'Éirinn.
- 5 Fir Breiffne fá Brían ré ngábadh  
glór gach áoinfhir  
minic bhíos ag tréd an treinfhe[i]r  
ed fa áoidhibh.
- 6 Rotrom éigsi ar fhine an Rúarcaigh  
na rennd neimhe  
níorbh foráil d'féile a fhine  
Eire eile.
- 7 Mac Í Rúairc rogha na ccuradh  
ag cléith comhluinn  
a theist ar fher nochan fuighbhinn  
ar feadh forluinn.

Agus fós ní forlann feadhma a ffír hgen (?) ar ionnshamail an airdrígh sin  
.i. Briain meic Eoghain airmneimhnigh fíorrathmha[i]r (..)rígh Í Ruairc.  
Dóigh ní chualabhair a chomhcosmhuil a ccléithbernaidh acht medh Lugh  
Lámhfada, láoch bhuillidh ag freastal na bFhomhttorach a Móirtreas  
Muighe tortbhuillidh Tuiredh. No Cu Rí mac Daire meic Deghaidh ag  
togháil chathrach cáomháille Codhail má-ráon re Concabur cona  
curadhaibh. No Murchadh mac Bríain Bhóraime a brathair féin ag tabairt  
chatha Chlúana Tarbh.

- 8 Fa conchlann cubaidh d'Ó Ruairc<sup>s</sup> [292]  
in áit feadhma  
(A)is maith fa (aoin) fiondigh [i]na athbha [leg. adh-]  
(an) milidh merrdha.
- 9 [.....] ó roitrén Rúarcach  
rogha a bhféinneadh

- cuirfidh a tren ar gart nGaidheal  
mur Art Áoinfher.
- 10 Umhal fir Bhanbha don Bhrian-sa  
do brigh a breithre  
do ríghne sé ciúin dár ccrích-ne  
Í Bhriúin Breiffne.
- 11 Samhuil Uí Rúa[i]rc go rún ffairsing  
Fionn a hAlmain  
tocht ré tren go toradh ttorghil (?)  
omhan d'fhaghlaigh.
- 12 Mac Eoghain nar fill ó ghabhadh  
na ngreadh nglésta  
fer tráighthe an tonna as táosta  
urra an fhésta.
- 13 Úa Tighernáin a ttrath deabhtha  
an damh (?) ós dámhradh  
tar macaibh Míleadh do mheabhraidh  
síneadh slabhradh.
- 14 Ní budh ionchuir ar mac Mairgreig  
mur mhéid mhenma  
dá n-anadh le cách do chomhdha  
gan tath Temhra.

Ciodh tra(t) acht as mor d'ollamhnaibh 7 d'úaislibh Banbha bhíos ag égnach 7 ag iomchasaoid ar mac Mairgréige mordhúasaighe mínghlóraighe, inghine Conghubhair chosgaraigh chatbhúadhaigh creachlíonmhair hí Bhriain, fa gan Temhair do tháth 7 Crúachain do chórughadh 7 Caisiol do chumhdach 7 dúnadh Cinn Choradh do chertachadh 7 Dún Eochair Mháighe do moirlesughadh, ait a raibhe Oilill Olum aingidh ettrócareach 7 Sadbh ingean Chuinn chúantorchothaigh Céadcathaigh, senathair 7 senmháthair Briain hí Rúairc, an rolanamain do ráidhsemar le ríar fileadh.

- 15 Aire Bhriain ar chró na curadh  
as do is dligheadh (is da is dligheadh)  
as díles dó ar mhodh 's ar mhíne  
cradh gac cleire.  
na súgh sidh[e].
- 16 Do éirigh tar chách lé a chúaine [293]  
táth gach tíre  
créd nach lenfadh clíar ó cCréidhe  
a ffiadh fire (a ffiadh fire).
- 17 Fér dhá ttug Día saidhbhrios saoghail  
is sen toraidh  
ní lía í[ad?] lé aithne ar fheaghaib  
tairthe ar tulaigh.
- 18 Tug gach áon gan fhíoch gan fhaladh  
gan díth domhain  
annamh aoncrann do-chí ar conuir

gan trí toraidh.

Acht cheana ní hiomdha suan na sadhaile na siorchodladh do-ním féin re hedh 7 re haimsir imchéin ag meaghughadh 7 ag mórsmúainedh caidhe an t-eólus annamh úaigneach do dhénainn ó Charraic chaithmhigh conghairigh cháomhoirdeirc meic Dhíarmada go treindíreach deaghaistreach go ríoghbhruigh rófhairsing ríantoictheach Uí Rúairc. As a haithle sin as í comhairle ar ar chinnes gan contabairt éirghe a-mach ar maidin go menmnach a morchathraigh mheic Dhíarmada gus an fForaire (?) ffíoraluinn, a bhfail a mbiodh foraire na Crúachan ag feruibh Connacht re reimhes Oiliolla 7 Mheadhbha ar churadhaibh Chonchobhair 7 ar ríogmaicne roinertmhair Rughraighe, do Chnoc sgía[mh]culchach sgeimhiolfhliuch an Sgáil, tulach a n-orduigher rígh 7 rofhlaith ós maicne Mháol Rúanaidh, do Sgiath ffíoraidhbhseac ffertthulach a ttorchair Eochaidh díanbhuilleach Dála do lámh themethreas aigmhéil meic Coinghleacaigh Connrach. Do Ráith innillte Édáoine re raiter Raith Crúachan do chur [leg. Charn?] Fráoich go fíordhíreach, do Sgeithín na nArm reir [leg. re ráiter?] Sgeithín na cCenn, do Réidh Carbad Ferghusa da ngoirter Uarán Pattraic ar Madh Aoi orrderc [294] d'iomure Mhuighe hAoi go hudmhall, do Raith nGlais re a raiter Raith mBrénuinn .i. Glas mac Dremhain rí Lochlann thainic do ghabáil Eireann ar éigin go ttorchair le Fionn a ccomrac aoinfhir gur foilgheadh isin ráith-sin é gonadh dhe a-derar Raith Ghlais, go Ros na hEachraidhe re ráiter Ros Chomáin, d'Árd na hEadarnaigh da ngoirter Coill miontulcach mhían os aidhnigh fionnuair, do breictíir Bhalair da ngoirter Tír Mhaine meic Eachaidh Fhir Da Ghíall, tré Fhiodh Conga gan chomhnaidhe, áit inar bloghadh cuing charbaitt Chormaic Conloingis meic Concobair re n-abartur Feadha fiorárda Átha Lúain, tar Áth Lúain féin an fecht-sa for Sionainn sriobh[úa?]ine, áit inar báitheadh sín Mhoruinn meic Máoin do lár (?) ag breithemhnus d'fearaibh Fódla go fírinneach re reimhes Chormaic meic A[i]rt, tre mín Mhidhe re n-abartur Cuircne, do Gairige 7 d'lolGháirighe, do Chnoc Inbhir Fáil re raiter Uisneach, do mhúr Théa ingine Lúightheach meic Íthe ben Éiremhóin meic Míledh Esbainne, re raiter Temhair, do shenMhagh Ealta Édair, áit a ttugadur dá onchoin ágha na hEalga cath do righ Bretanchornn. Ben sgaoilteach an sgélaigheacht. Fecht n-áon día ttainic righ Bretarnchornn do gabáil Eireann go cúan Bheinne [hÉ?]ta[i]r go hairidhe do riachtatur do reimhthús. Acht chena do raladur ar a ccionn (ar a ccionn) isin chúan-sin áirsigh imdheaghla na hEirenn .i. senFergal [295] síorionnsuightheach Ó [s]aorRúairc 7 Ualgharg uasal ardoirdheirc O Ruairc, .i. bráthair eile sénFerghail, go [tt]ardsat cath Beinne hÉdair do Bhret(h)naibh go buannósmur gur gabadh ann righ Bretanchornn, .i. [O?]ibhghin mac Máil a ainm, 7 ro díchennadh míle fer n-armach isin iorgail-sin da n-ógaibh. Ó rángadur imorro ina mbárcaibh an mhéd ro thérná dhíbh, ro airighsit an airdrigh dá n-uiresbaidh 7 ro íarsad a n-airdrigh ar an rioghraidh roinertmhair Rúaircigh-sin. Acht cheana as sé fúasgladh ar ar hanedh [leg. -adh] leó .i. x .c. uinge do bhronnór bhruinnte, x .c. claidheamh, x .c. sgíath, x .c. luireach, x .c. matal n-égsamail n-ioldathach 7 merge sénta senFerghail re táobh a ndubhramar. Ó ráinic in fúasgladh-sin gus an fflaithrigh Ferghal 7 go hUalgharg ar áonmhuighin, ro fhoghnadur ina

ttúarasdalaibh do mhaithibh Úa mBriúin 7 do tháoiseachaibh Conmaicne a ccoitchinne. Ór nach rugamur ar na Rúarcachaibh-sin a n-áit an fhúasgailte d'fhaghail ré ar n-ainmíán don fhúasgladh-sin d'fhaghail uathaibh gébhad ó Bheinn Édair ar lorg na láochraidhe lionmure lánaidhbhle dár umhlaigheadur Éirenaigh go hiomlán. Et ní anfat don udmhaille fós, ór do-bhér mo druim re muir 7 mh'aghaidh re tír no go roichter Temhair gan toirisiomh dá fios an innte do-ghébhainn oighre sochrach sodhánach sénFhergail, 7 acht muna bhfaghar a n-áit a (th)aithreadh a tTemhraidh an ttreinfher, [RIA 739 (24/P/9), p. 296] gébhad go Cen[a]ndus go céimésgaid[h], áit a raibhe Conn Céadchathach 7 Conall Crúachna, a cháomhoide, ag súr chatha ar Catháoir Mor gur taifneadh [ó?] Themhraigh [é?] a sendadh sin a Slíabh gréchfiadháta Guaire (meic Colmain), áit a mbíodh Gúaire beigei[n?]ech (?) rechtaire Guair[e] meic Colmáin. Ó Shliabh Guaire go gairdeach go Slíabh cáomhthulchach Cleth, áit inar benedh caolach thighe Cleithigh do Mhuirchertach mhórcumhachtach Mac Erca, do Thulaigh Mhodháin, áit a mbíodh Mo[dh]án muircidhe ag mesradh a mhóirtréda, do Chárn Dalláin a mBre[i]ffne, áit a mbíodh Dallán Forg(h)uill, árdollamh Éreann, ag Áodh Fionn mac Fergna aga oighrer. Do Shliabh Ban fFionn, re ráiter Sliabh Fráoich, tré Mhagh Anghaile go hurmuiseach láimh dheas re Loc[h] Fionnmhuighe; go foistenach tre Chinél Lámcháin (?), go lándeibheadhach do Shliabh Conmaicne, ré ráiter Slíabh an Iaroinn; láimh dheas re Glenn Ghaibhle meic Edomáin éiges, láimh cle re Loch Aillinne go lanfhurnaighe, tar Dá Alt Dég gan comnaige no go roichead gan toirisem longphort leomain Locha Gile.

- 19 Fear do chennaigh gach iath oile [297]  
tr[i]ath an tighe.
- 20 Niorbh forail do triath an tighe  
Temhair Chormaic  
eigen toil re trian ar tteghlaigh  
don fhíal orrdeirc.
- 21 Geall on Bríanbhugh do thegh [leg. thigh] Túathail  
terc do treigfedh [leg. thairgfeadh?]  
teach a n-ibhther fleadh nach ffillter  
mur thegh Taillten.
- 22 Geill gach cuigidh do chrích Bhanbha  
bíd sa mbruighin  
is imdha gíall ina gheimhiol  
nach d'fiath Fuinidh.
- 23 Toirthe a ttalmuin iasg a n-inbher  
aibhne malla  
a-tá gach coill ar a cuma  
na croinn chama.
- 24 Cóir creiter le feraibh Banbha  
briatra an Breiffnigh  
na hainbreatha da brigh báithfidh  
gach tír téfidh [leg. téighfidh?].

A-tá galar gúasachtach gráinemail dom ghabháil féin a-nois 7 éttroma anbháil inntinne dom árdbhuaidhreadh ar a iongantaighe lem an t-Araltach ag búain an uisge a n-áoinfheacht do lucht allta iolarda árdchumhachtach Átha Cliath, d'áonbhuille da sháil. As amhlaidh theagmhus an troimiongnadh-sin; .i. abhann dhíansrothach dhásachtach a-ta ag snighe 7 ag síthsileadh a sléibhtibh benngorma biothfhuara Bogaigh O Máil (?) darab comhainm an Órtha go deimhin. Is ar an abhainn-sin ro cumhdaigheadh Bruighen Da Derg, an deghbrughen (?), bhail a ttorchar Conaire mac Eidirsgeóil amail aitrisid [298] na heólaigh ealadhnacha. An t(h)an theghmus cogadh no choinghleic no diomdha doilesaonta ag an Araltach [leg. Araltach?] re Baile Átha Clíath, té[i]d d'ionnsaighe na habhann ina fánaibh 7 ina fiorcháolaibh 7 cuiridh comhla risin abhainn 7 leagait an chomhla sin re háonbhuille da sháil 7 togbaidh an dára fecht an úair bhús loinn leis ar bfhagháil a ríara 7 a rothola féin úatha do-ridhis ar ttabbairt an uisge doib amne. Fón ccuma ccédna 7 fón sompla samhla do-ní O Rúairc re rioghraidh rathmhair roarrachta an dá cuigeadh is nesa dhó d'Eirinn .i. cóigeadh oilltiodhlaictach Uladh 7 cóigedh clúlethan Connacht; .i. a ngéill a mbroid et a mbótháinte do bheith [ai]ge bhúdhéin 7 agá amhsaibh 7 agá árdshluagaibh fa dáoirsi dhocamhlaidh 7 fa dhímiadh go bhfaghar a bhreith ríoghdha riaghalta féin úatha fa dheóigh iarna ndithughadh re drongshluagaibh dorrda danarrda in righRúarcaigh.

- 25 Rád gach dhuine  
tarla gach críoch úadh fa eire  
búan mo bhuile  
búan mo bhuile. [corrupt]
- 26 O bfuil do chríochaibh f[ai?]d chomhaidh  
re cert cloidhimh  
lámh fá [a] n-áiremh d'fhaidh no d'fhilidh [299]  
is dail dhoiligh.
- 27 Caitreim Briain gan (?) ar bhronntaibh  
bladhús berna  
ní frith fer a char a ccumgha  
do mhuin mheabhra.
- 28 O Ruairc rugadar do roghain  
as rád urlamh  
áit a shen fa rían don righfer  
Níall geal Glúndubh.
- 29 Ré bfuil uime d'iompaibh úaisle  
don fhuil Laighnig[h]  
fíon fhola Dhál cCais gur cuiumnigh  
san mbais mbairrgil.
- 30 Lámh an mileadh mairg re ttegmhand  
tonn dá hanfadh  
Brian is bladh is tal 'na thimceal  
lámh nach lamhthar.
- 31 Ag Ó Ruairc mar rioghdhacht Breifne  
bin re Breaghaibh

biaidh do brigh airgthe gach oirir  
Tailte is Temair. Temhair Connacht.